Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12693/23
ADD 1

LIMITE

COPEN 325
DROIPEN 137
JAI 1186
ENV 1027
RELEX 1082

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172), agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Aguisín seo na treoirlínte caibidlíochta dá dtagraítear sa Chinneadh ón gComhairle a leagtar amach in 12693/23 INIT.

PUBLIC

## Treoracha caibidlíochta

Maidir leis an bpróiseas caibidlíochta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(1) Go mbeidh an próiseas caibidlíochta oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach, agus go mbeidh sé bunaithe ar chomhar de mheon macánta.

(2) Go mbeidh an próiseas caibidlíochta bunaithe ar chlár oibre éifeachtach réadúil.

Maidir le cuspóirí ginearálta na caibidlíochta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(3) Tá an Coinbhinsiún i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, lena n-áirítear an chaibidlíocht leanúnach ar an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE[1].

(4) Áirithítear leis an gCoinbhinsiún go n-urramófar na cearta agus na saoirsí bunúsacha mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Maidir le substaint na caibidlíochta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(5) Baintear amach na cuspóirí sonracha a leagtar amach thíos, agus áirithítear ag an am céanna go bhfuil toradh na caibidlíochta comhoiriúnach le rialacha inmheánacha ábhartha an Aontais maidir le coireacht chomhshaoil. Beidh na rialacha inmheánacha sin, de réir mar a fhorbraíonn siad i nós imeachta reachtach an Aontais agus i ndeireadh na dála ina bhfoirm chríochnaitheach ghlactha, ina mbonnlíne do sheasamh caibidlíochta an Aontais.

---

[1] COM(2021) 851 final – 2021/0422 (COD)

(6) Eascraíonn comhthuiscint as an gcaibidlíocht ar chatagóirí coireachta comhshaoil agus ar smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha i mBallstáit an Aontais agus i mBallstáit Chomhairle na hEorpa agus éascófar comhar idirnáisiúnta ar an mbonn sin.

(7) Tá an Coinbhinsiún i gcomhréir le *acquis* an Aontais, a rannchuidíonn le baint amach chuspóirí bheartas an Aontais lena gcosnaítear an comhshaol agus lena léirítear, a mhéid is féidir, raon feidhme na Treorach nua maidir le Coireacht Chomhshaoil atá á caibidil faoi láthair. Déanann an Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil agus an Coinbhinsiún a chéile a threisiú agus a neartú go frithpháirteach ina gcuspóirí chun leibhéal na cosanta comhshaoil a mhéadú agus chun feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil.

(8) Tá cionta comhshaoil sa Choinbhinsiún agus a raon feidhme sainmhínithe go soiléir agus tá siad comhoiriúnach le liosta na gcionta coiriúla in Airteagal 3(1) den togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE[1] agus cuirtear san áireamh leo an dul chun cinn sa chaibidlíocht idir comhreachtóirí an Aontais agus – ar deireadh – an leagan críochnaitheach den Treoir.

(9) Tá sainmhíniú sa Choinbhinsiún ar dhliteanas daoine dlítheanacha atá comhoiriúnach leis an sainmhíniú in *acquis* an Aontais.

(10) Áirithítear leis an gCoinbhinsiún go mbeidh smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha ar fáil do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha.

(11) Sa Choinbhinsiún, tá rialacha iomchuí maidir le dlínse atá, a mhéid is féidir, i gcomhréir leis an leagan críochnaitheach den Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil.

(12) Cothaíonn an Coinbhinsiún comhar idirnáisiúnta agus cuireann sé chun cinn úsáid an tsásra atá ann cheana chun comhar a dhéanamh, chun faisnéis a mhalartú agus chun cúnamh frithpháirteach a sholáthar.

---

[1] Féach fonóta 1.



PUBLIC

(13) Tá forálacha sa Choinbhinsiún chun slabhraí forfheidhmithe náisiúnta a neartú maidir le coireacht chomhshaoil chun cur ar a gcumas cionta comhshaoil a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith go rathúil.

(14) Aithnítear ról na saoránach maidir le coireacht chomhshaoil a bhrath agus an dlí a chur uirthi agus cosnaítear cearta na saoránach.

(15) Déanann na Ballstáit bearta chun feasacht a mhúscailt maidir le díobhálacht cionta comhshaoil. Aithnítear prionsabal an réamhchúraim a bhfuil sé d'aidhm aige cionta comhshaoil a sheachaint.

PUBLIC

Maidir le feidhmiú an Choinbhinsiúin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(16) Cuirfear san áireamh sa Choinbhinsiún na hionstraimí domhanda agus réigiúnacha atá ann cheana, agus an comhar idirnáisiúnta leanúnach sa chomhrac domhanda i gcoinne na coireachta comhshaoil.

(17) Áirítear sa Choinbhinsiún sásra cur chun feidhme agus forálacha críochnaitheacha, lena n-áirítear réiteach díospóidí, síniú, daingniú, glacadh, formheas agus aontachas, teacht i bhfeidhm, leasú, fionraí, agus séanadh.

Tríd is tríd, is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta caibidlíochta:

(18) Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú go bhfuil [...] an Coinbhinsiún comhsheasmhach le dlí agus beartais ábhartha an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile.

(19) Ní mór an chaibidlíocht a ullmhú i bhfad roimh ré. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin sceideal a bhfuiltear ag súil leis agus faoi na saincheisteanna a bheidh le caibidil agus roinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha a luaithe is féidir.

(20) Roimh na seisiúin chaibidlíochta, beidh cruinniú ag Meitheal COPEN chun na príomh-shaincheisteanna a shainaithint, tuairimí a cheapadh agus treoir a chur ar fáil, lena n-áirítear dearbhuithe agus forchoimeádais a cheapadh, de réir mar is iomchuí.

(21) Tuairisceoidh an Coimisiún do Mheitheal COPEN maidir le toradh na caibidlíochta tar éis gach seisiúin caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

(22) Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas go pras faoi aon saincheist thábhachtach a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na caibidlíochta agus rachaidh sé i gcomhairle le Meitheal COPEN.

PUBLIC